

## Traducción literaria del irlandés al español

### *Pharaoh's Daughter* de Nuala Ní Dhomhnaill (Siete poemas)

A cargo de Mia Smyth y Rosana Herrero Martín

Ní Dhomhnaill, Nuala (1990). *Pharaoh's Daughter*. Loughcrew, Oldcastle, County Meath: The Gallery Press.

---

Copyright (c) 2006 by Mia Smyth and Rosana Herrero. This text may be archived and redistributed both in electronic form and in hard copy, provided that the authors and journal are properly cited and no fee is charged for access.

---

#### Geasa

Má chuirim aon lámh ar an dtearmann beannaithe,  
má thógaim droichead thar an abhainn,  
gach a mbíonn tógtha isló ages na ceardaithe  
bíonn sé leagtha ar maidin romham.

Tagann aníos an abhainn istoíche bád  
is bean ina seasamh inti.  
Tá coinneal ar lasadh ma súil is ina lámha.  
Tá dhá mhaide rámha aici.

Tairrigíonn sí amach paca cártí,  
'An imréofá breith?' a deireann sí.  
Imrímid is buann sí orm de shíor  
is cuireann sí de cheist, de bhreith is de mhórualach orm

Gan an tarna béile a ithe in aon tigh,  
ná an tarna oíche a chaitheamh faoi aon díon,  
gan dhá shraic chodlata a dhéanamh ar aon leaba  
go bhfaighead í. Nuair a fhiafraím di cá mbíonn sí,

'Dá mba siar é soir,' a deireann sí, 'dá mba soir é siar.'  
Imíonn sí léi agus splancacha tintrí léi  
is fágtar ansan mé ar an bport.  
Tá an dá choinneal fós ar lasadh le mo thaobh.

D'fhág sí na maidí rámha agam.

#### Vínculo

Si pongo mi mano sobre el refugio sagrado  
Si levanto un puente sobre el río,  
todo el trabajo de los artistas  
se habrá venido abajo con la mañana.

Por la noche llega una barca río arriba  
y a bordo una mujer de pie.  
Una vela enciende sus ojos y en las manos  
lleva dos remos.

Saca una baraja de cartas,  
‘¿Jugamos a las prendas?’ pregunta  
Jugamos y me gana una y otra vez  
He aquí su triple amonestación:

No comerás dos veces en la misma casa  
no dormirás dos noches bajo el mismo techo,  
no amarás dos veces en la misma cama  
hasta que la encuentre. Le pregunto dónde vive,

‘Si fuera oeste te diría este’ dice, ‘si fuera este entonces oeste’.  
Se aleja en medio de rayos y centellas  
dejándome encallada en la orilla.  
Dos velas encendidas me acompañan.

Y dos remos.

### **Oileán**

Oileán is ea do chorp  
i lár na mara móire.  
Tá do ghéaga spréite ar bhraillín  
gléigeal os farraige faoi leán.

Toibreacha fíoruisce iad t’uisí  
tá íochtar fola orthu is uachtar meala.  
Thabharfaidís fuarán dom  
i lár mo bheirfin  
is deoch slánaithe  
sa bhfiabhras.

Tá do dhá shúil  
mar locha sléibhe  
lá breá Lúnasa  
nuair a bhíonn an spéir  
ag glinniúint sna huiscí.  
Giolcaigh scuabacha iad t’fhabhraí  
ag fás faoina gciumhais.

Is dá mbeadh agarn báidín  
chun teacht faoi do dhéin,  
báidín fiondrúine,  
gan barrchleite amach uirthi  
ná bunchleite isteach uirthi  
ach aon chleite amháin  
droimeann dearg  
ag déanamh ceoil  
dom fhéin ar bord,

thógfainn suas  
na seolta boga bána  
bogóideacha; threabhfainn  
trí fharraigí arda  
is thiocfainn chughat

mar a luíonn tú  
uaigneach, iathghlas,  
oileánach.

### **Isla**

Tu cuerpo es una isla  
tumbada sobre el oleaje  
Tus miembros se extienden  
bajo alas de gaviotas.

Manantiales de agua verdadera, tus sienes,  
una sima de sangre te identifica y tu torso son crestas de miel.  
Dame una fuente  
que alivie este calor  
dame de beber  
templa mi fiebre

Tus ojos  
como lagos de montaña  
en un día de agosto  
cuando el cielo  
brilla en el agua.  
Tus pestañas son juncos  
que ondean a lo largo de la orilla.

Y si tuviera una barquichuela  
para flotar hacia ti,  
una barquita de endrino,  
sin mayor equipamiento  
que una sola pluma  
rojo ocre  
que me animara  
con su música  
a bordo,

que izara  
las velas blancas y finas  
que se inflan y se abren camino  
a través de grandes olas

que me llevaran hasta ti  
allí donde yaces  
nostálgico, color esmeralda.  
a-isla-do.

### **Claoninsint**

Tá's againn, a dúradar,  
cár chaithis an samhradh, a dúradar,  
thíos i mBun an Tábhairne, a dúradar,  
cad a dheinis gach lá, a dúradar,  
chuais ar an dtráigh, a dúradar,  
níor chuais ag snámh, a dúradar.  
Canathaobh nár chuais ag snámh?  
Mar bhí sé rófhuar, a dúradar,  
do do chnámha atá imithe gan mhaith, a dúradar,  
bodhar age sámhnas nó age teaspach gan dúchas  
gur deacair dhuit é a iompar, a dúradar.

### La palabra en el viento

Es entre nosotros, dicen,  
 en Crosshaven, dicen,  
 donde pasaste el verano, dicen,  
 cómo pasaste los días, dicen,  
 bajaste a la playa, dicen,  
 pero no fuiste a nadar, dicen,  
 ¿y por qué no fuiste a nadar?  
 porque hacía tanto frío, dicen,  
 tanto frío que tus huesos, dicen,  
 tus tus huesos se han deshecho sin remedio, dicen,  
 se doblegan en el agua, elevados, desarraigados espíritus  
 no aguantarás mucho más, dicen.

### Cailleach

Taibhríodh dom gur mé an talamh,  
 gur mé paróiste Fionntrá  
 ar a fhaid is ar a leithead,  
 soir, siar, faoi mar a shíneann sí.  
 Gurbh é grua na Maoilinne grua  
 mo chinn agus Sliabh an Iolair  
 mo chliathán aniar;  
 gurbh iad leaca na gcnoc  
 mo loirgne is slat  
 mo dhroma is go raibh an fharraige  
 ag líric mo dhá throigh  
 ag dhá charraig sin na Páirce,  
 Rinn Dá Bhárc irn Fiannaíochta.

Bhí an taibhreamh chomh beo  
 nuair a dhúisíos ar maidin  
 gur fhéachas síos féachaint an raibh,  
 de sheans, mo dhá chois fliuch.  
 Ansan d'imíos is dhearmhadas  
 a raibh tarlaithe, ó,  
 tá dhá bliain is breis  
 anois ann, déarfainn  
 go dtí le fíordhéanaí  
 gur cuireadh i gcuimhne arís dom  
 fuíoll mo thromluí  
 de bharr líonrith m'iníne.

Bhíomair thíos ar an dtráigh  
 is bhí sí traochta.  
 Do chas sí abhaile  
 ach do leanas-sa orm ag siúl romham.  
 Ní fada gur chuala í  
 ag teacht chugham agus saothar uirthi,  
 í ag pusaíl ghoil le teann coisíochta.  
 'Cad tá ort? 'Ó, a Mhaim, táim sceimhlithe.  
 Tuigeadh dom go raibh na cnoic ag bogadaíl,  
 gur fathach mná a bhí ag luascadh a cíocha,  
 is go n-éireodh sí aniar agus mise d'íosfadh.'

### Arpía

Una vez soñé que era la tierra,  
que era la parroquia de Ventry  
a lo largo y ancho,  
de este a oeste, toda ella.  
Que la cima de Maoileann era mi frente y Mount Eagle  
mi pecho turgente;  
que la ladera de la montaña era  
mi columna vertebral y mis piernas,  
que el mar lamía mis pies de roca,  
las rocas gemelas de Parkmore  
del viejo ciclo Feniano.

El sueño estaba tan vivo  
que cuando me levanté por la mañana  
bajé la mirada para comprobar si, por casualidad,  
mis pies seguían mojados.  
Luego, desconecté y me olvidé  
de lo sucedido. Ay, pero  
casi dos años después, aquel temor de mi hija  
me hizo recordar los posos de aquel sueño.

Estábamos abajo en la playa  
pero ella del agotamiento  
volvió para casa.  
Mientras seguí paseando sola.  
Apenas me había alejado cuando la oí  
de vuelta a mí, lloriqueando,  
y ahogándose en cada resuello.  
'Qué tienes', 'Ay, Mami, estoy asustada.  
Me pareció que la montaña respiraba  
como una mujer gigante de pechos pendulantes,  
a punto de abalanzarse sobre mí dispuesta a comerme'.

### Iarúsailéim

Nuair a chuimhním ort  
lónann de bhainne mo chíochoa.  
Is mé Iarúsailéim, an chathair naofa  
mar a bhfuil mil agus uachtar  
ag gluaiseacht ina slaodaibh.  
Tó mo mháithreacha leagtha ar charmhogail,  
mo dhúshraith ar shaifirí.  
Tá binn agus buaic orm déanta de rúibíní,  
is de chriostal mo chuid geataí.  
  
Ar ndóigh, ní déarfadh mé leat é.  
Beag an baol, mhúise — gheofá ceann ataithe.  
Ní thabharfainn an oiread sin sásaimh duit  
le go gceapfa gur le teann grá é.  
Bí cinnte dhe nach bhfuil aon leigheas agam air,  
ná a mhalairt,  
níl ann ach gur bainneannach mé  
de chuid na n-ainmhithe mamalach.

### Jerusalén

Cuando pienso en ti  
 mis pechos se llenan de leche.  
 Yo soy Jerusalén, la ciudad santa  
 como la miel y nata  
 que libres manan.  
 Mi corazón descansa sobre pus,  
 mis cimientos sobre zafiros.  
 Mi tapia y mi tejado son de rubí,  
 y todas mis puertas de cristal.

Mas no te lo diré.  
 El riesgo es pequeño, ya – por si se te sube a la cabeza.  
 No te daría yo esa pizca de satisfacción  
 que pienses que estoy a tus pies.  
 Queda tranquilo, no hay cura alguna para mí,  
 no tengo remedio,  
 digamos pues que mis pechos son de leche  
 como los de otras criaturas.

### Mo Theaghlach

Ag seo agaibh, go hachomair, mo theaghlach  
 an teaghlach a d'fhág meidhreach mo chroí.  
 Ins an seomra suite tá mo dheirfiúr Aoife  
 ar a corraghiob ag bailiú pingíní  
 a thit laistiar den dtolg is den bpianó  
 rianta deireanacha a spré a chuaigh amú,  
 deir sí an fáth go bhfuil sé ag imeacht i mbóiléagar  
 ná an rud a bhailíodar de dhroim an diabhail  
 gur faoina bholg arís a imíonn sé, airiú.

Ins an seormra folcaidh tá m'uncaíl Dónall  
 ag dul faoi loch sa dabhach mar fhomhuireán.  
 Is dóigh leis má choimeádann sé a cheann síos  
 ná tabharfaimid faoi ndeara é a bheith ann.  
 Táimse mór leis is tuigim an stair atá laistiar de  
 an fáth gur fuath leis caint, cadráil nó biadán,  
 is nuair a théim thar bráid, tugaim trí rap ar an ndoras  
 ag fógrú dó go bhfuil aige *All-Clear*.

Ins an dtolglann níl aon tine ins an ngráta  
 ach é tógtha suas ó bhonn ag crann mór groí  
 atá préamhaithe i lúidín clé mo dhearthár  
 is a fhásann aníos tré dhíon is tré fhraitheacha an tí.  
 Deirtear go b'ann a chuir cailín éigin mallacht air  
 de bhrí gur dhein sé éigean uirthi bliain  
 leadránach éigin thiar ins na caogadaí.  
 Ní stopann sé ach ag slogadh *aspirin* leis an bpian.

Sa seormra leapán taobh thiar den leaba dhúbailte  
 ta cófra mór agus doras uaithne air.  
 Laistiar de tá dhá leanbh ar bheagán meabhrach  
 ná tagann amach riamh faoin ngaoth nó faoin ngrian.  
 Tá siad a gcoimeád ann an chuma na *Hairy Babies*  
 a mhair áit éigin thuaidh in aice le Trá Lí.

N'fheadar éinne againn i gceart cé hí a máthair  
is tá náire orainn go léir gur saolaíodh iad.

Thíos sa siléar a gheofá an file filiúil  
col ceathar dúinn atá leochaileach, feosaí.  
Bhíodh sé de shíor is choíche ag cumadh píosaí filíochta  
is ár mbodhradh leo go dtí gur chuireamair gobán ar a bhéal.  
Fuadaíodh é is cuireadh ceangal na gcúig gcaol air  
is ar chuma éigin bíonn sé chomh mallaithe leis an ndiabhal  
uair 'má seach go n-éiríonn leis teacht aníos chughainn  
ba dhóigh leat go raibh adharca air is é ag tarrac slabhraí ina  
dhiaidh.

Sa seomra rúnda a chionn sibh i mbarr an staighre  
tá seanbhean a bhíonn de shíor ag eascainí.  
Ní thógann éinne aon cheann a thuilleadh dá healaí  
go háirithe nuair a éilíonn sí gurb í Caitlín Ní Uallacháin í.  
Bhuaileas-sa léi lá is gan í ródhona  
is dúirt sí liom gurb é a hainn ceart ná Grace Poole.  
N'fheadarsa ó thalamh Dé cé bhí i gceist aici  
is fiú dá mbeadh a fhios fhéin ar Éirinn ní neosfainn cé hí.

Amuigh ar an ndíon, ins an seanchás tae is both dó  
tá seandúine leis féin i bhfolach ón slua.  
Caitheann tú dul thar dhroichead clár chun teacht air  
is ní maith leis daoine a chuireann air aon dua.  
Tá sé ráite go maireann sé go sona sásta  
le *harem* breis is trí fichid leannán sí.  
Tá sé ráite gur dhúnmharaigh sé mo mháthair.  
Ta sé ráite gurb é m'athair críonna é.

### **Hogar**

Aquí os presento, más o menos, mi hogar,  
el hogar que llena de gozo mi corazón.  
En la sala de estar, se encuentra mi hermana Aoife  
en cuclillas va juntando peniques  
que se cayeron detrás del sofá y del piano,  
los últimos legajos de la fortuna que despilfarró,  
ella dice que el motivo de que se fuera tan rápido  
es que aquello que atropas de espaldas al diablo  
lo pierdes de nuevo bajo su barriga, qué le vamos a hacer.

En el baño está mi tío Donal  
sumergido como un submarino en la bañera.  
Se cree que con la cabeza bajo el agua  
nunca nos daremos cuenta de que está ahí.  
Me llevo bien con él, conozco toda la historia,  
la razón por la que tiene miedo de las habladurías.  
Cuando paso doy tres golpes en la puerta,  
señal de 'Todo despejado'.

En el salón, no hay fuego en la chimenea.  
Toda la habitación está tomada por un gran árbol.  
Sus raíces se extienden desde debajo de la uña del pie de mi hermano,  
las ramas crecen atravesando el tejado y las vigas.

Dicen que es una maldición que le echó cierta muchacha  
al forzarla él con sus manazas una vez,  
hace siglos, en los cincuenta.  
No deja de tomarse aspirinas para el dolor.

En el dormitorio principal, detrás de la cama de matrimonio,  
hay un ropero grande con la puerta verde.  
Detrás de él se encuentran dos niños medio tontos  
que nunca salen, así haga sol o caigan chuzos.  
Los guardan ahí dentro, como a los *Bebés Peludos*  
que vivían arriba en Tralee.  
Ninguno de nosotros sabe con certeza quién es la madre;  
todos nosotros nos avergonzamos de que hayan nacido.

Abajo en el sótano encontrareis al bardo,  
un primo carnal que siempre estuvo de los nervios.  
No hacía más que arrancarse por ripios poéticos,  
Y nos hubiera dejado sordos de no haberle amordazado.  
Le pusimos la chaqueta de fuerza –  
está hecho una furia demoníaca, en fin.  
Cuando le da, se levanta y sube con nosotros  
cualquiera diría que está viendo una cosa con cuernos arrastrando  
una cadena.

En la habitación secreta que veis al final de las escaleras  
hay una vieja que está siempre maldiciendo.  
Nadie le hace ni caso, especialmente  
cuando dice a gritos que es Caitlín Ní hUallachain.  
Hablé con ella una vez cuando aún no estaba demasiado tocada  
y me dijo que su verdadero nombre era Grace Poole.  
No tengo la más remota idea de lo que estaba hablando  
y si la tuviera, tampoco me atrevería a musitar su nombre en Irlanda.

Fuera en el tejado, habitante de un viejo baúl de embalaje,  
está un viejo que se esconde de la multitud.  
Tienes que cruzar el puente de tablillas para llegar a él  
y no le gusta la gente que le viene con preguntas.  
Dicen las malas lenguas que vive la vida alegre  
con un harem de casi trescientas amantes.  
Dicen las malas lenguas que mató a mi madre.  
Dicen las malas lenguas que es mi abuelo.

### **Ceist na Teangan**

Cuirim mo dhóchas ar snámh  
i mbáidín teangan  
faoi mar a leagfá naíonán  
i gcliabhán  
a bheadh fite fuaite  
de dhuilleoga feileastraim  
is bitíuman agus pic  
bheith cuimilte lena thóin  
ansan é a leagadh síos  
i measc na ngiolcach  
is coigeal na mban sí  
le taobh na habhann,  
féachaint n' fheaclaraís



cá dtabharfaidh an sruth é,  
féachaint, dála Mhaoise,  
an bhfóirfidh iníon Fharoinn?

### **The Language Issue**

Deposito mi esperanza a bordo  
de una barquichuela de palabras  
igual que se deja una criatura sobre una cesta  
entretrejida  
con hojas de lirio  
reforzada en la base  
con betún y pez

luego la dejo entre los juncos  
sobre el angosto cauce que abre la banshee  
a la orilla del río  
mira a ver  
por dónde la lleva la corriente,  
Moisés, mira tú, invidente,  
¿quién salvará a la Hija del faraón?